**Comhairle an Aontais Eorpaigh**
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**

**CM 1687/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0003(NLE)**

**AVIATION**
**ICAO**
**RELEX**
**PROCED**

## TEACHTAIREACHT

**AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN**

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | Isabelle.Besson@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32 2 281 8212 |
| Ábhar: | **Nós imeachta i scríbhinn agus freagra le tabhairt faoin Aoine an 18 Feabhra 2022 ar 12:00 CET (am na Bruiséile) trí ríomhphost a sheoladh chuig avia-mar@consilium.europa.eu**<br>Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 225ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní 1, 6 go 10, 14 agus 17 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta<br>– Glacadh<br>– An nós imeachta i scríbhinn a thionscnamh |

Ag eascairt as an gcinneadh a rinne Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1), an 16 Feabhra 2022, an nós imeachta i scríbhinn a úsáid, iarrtar oraibh a chur in iúl an aontaíonn sibh go nglacfar an **Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 225ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinní 1, 6 go 10, 14 agus 17 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta,** mar a leagtar amach in 5751/22 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

**Iarrtar oraibh AONTAÍMID, NÍ AONTAÍMID nó STAONAIMID a thabhairt mar fhreagra.**

Is tráth a fhreagraítear an cheist ba cheart aon ráitis aontaobhacha a dhéanamh, cé is moite de na ráitis aontaobhacha a rinneadh cheana ag Coreper.

Foilseofar an cinneadh ón gComhairle, má ghlactar é, san Iris Oifigiúil agus cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

Ní mór na freagraí a bheith faighte ag Ardrúnaíocht na Comhairle faoi 12.00 CET (am na Bruiséile) Dé hAoine an 18 Feabhra 2022 ar a dhéanaí. Ba cheart iad a chur le ríomhphost chuig: **avia-mar@consilium.europa.eu**.